Fios Foghlama- Cor Poist ón nGaelAonad Bunscoile – Meitheamh 2025

A chairde,

Agus deireadh na bliana scoile buailte linn, ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil libh as bhur ndúthracht, bhur gcroí agus bhur rannpháirtíocht i gcaitheamh na bliana. Sa nuachtlitir dheireanach seo den bhliain, roinnfimid roinnt smaointe maidir le himeachtaí deiridh na bliana, chomh maith le hacmhainní don samhradh agus moltaí do thús na bliana nua. Go raibh míle maith agaibh arís as bhur n-obair iontach. Guímid sos tuillte, suaimhneach agus gréine oraibh i rith an tsamhraidh!

Le buíochas agus le meas,
Ó Fhoireann Bunscoile an GhaelAonaid

Stair: Oíche Shin Seáin

Bíonn Oíche Shin Seáin, á cheiliúradh ar an 23ú Meitheamh, is oíche thraidisiúnta Ghaelach í a bhaineann le féile Naomh Eoin Baiste. Tá baint mhór aici leis an ghrianstad samhraidh agus le nósanna ársa Ceilteacha. Ar an oíche seo, lasann daoine tinte móra — ar a dtugtar “tine Shin Seáin” — ar chnocáin nó i bpobail áitiúla mar shiombail íonachta agus cosanta. Bíonn ceol, damhsa agus scéalta timpeall na tine, agus creidtear go dtugann an tine beannacht don talamh agus do na barraí. Tá an fhéile fós beo i roinnt ceantar tuaithe in Éirinn inniu.

Ar fáil anseo: https://tuairisc.ie/on- gcartlann-anocht-oiche-shin-seain- agus-an-tine-mar-shiombal-na-gile- agus-na-cumhachta/

Seanfhocail:

“Ná bac leis an bháisteach – déan damhsa inti!"

Seanfhocal le meon dearfach don samhradh.

Nathanna Cainte:

“Tóg sos, glac aer úr, agus lig do scíth."

Meabhrúchán ar thábhacht sos a ghlacadh.

Acmhainní ar Líne

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Samhradh na nGael
☀️ Bealtaine,
Meitheamh, Iúil
Samhradh na nGael

- Bealtaine 🔥 tús an tSamhraidh 📽️ as an tsraith Déan Comhrá
- 2 Leabhrán Dathúcháin an tSamhraidh agus bileoga oibre do leanaí óga 🎨
- Dánta agus amhráin do leanaí ☀️ ar PDFanna maisithe
- Leabhrán Gníomhaíochtaí an tSamhraidh dosna hard-ranganna 🏄 (freagraí anseo)

Samhail

An Samhradh

Chomh te le grian an tsamhraidh,
Chomh binn le ceol na n-éan,
Chomh glan le huisce na habhann
Chomh bog le gaoth an tsamhraidh.
Chomh breá le bláth na páirce,
Chomh geal le spéir na maidine,
Chomh ciúin le ceo na farraige,
Chomh spraiúil le gáire na bpáistí.

Ealaín an tSamhraidh

Uachtar Reoite (TG4 Foghlaim)

Taispeántar dúinn conas uachtar reoite a dhéanamh as cairtchláir, pillíní cadáis agus péint.
TG4 Foghlaim | Bunleibhéal | Ealaín | Uachtar Reoite Cairtchláir | Seifteanna DIY 🍦🍨 |

Painéal Bláthanna (TG4 Foghlaim)

Déan paineál bláthanna a chur le chéile as cairchláir, scannán greamaithe agus bláthanna úra in éineacht le Caitríona.
TG4 Foghlaim | Bunleibhéal | Ealaín | DFÉ - Painéal Bláthanna - Cúla4 - DIY | YT

Amhrán: Thíos ar an Trá

Le Prionsias Ní Dhorchaí (Gaelbhratach)

Fuair mise sliogáin
(clocha, feamainn, gaineamh)
Thíos ar an trá x3
Fuair mise sliogáin
(clocha, feamainn, gaineamh) Thíos ar an trá
La, la, la, la, la
Éistigí leis anseo: Thíos ar an trá

Amhrán: Óró Sé do Bheatha Abhaile

Le Caitríona Canavan (Berceuses et comptines d'Irlande)

Bainigí sult as an t-amhrán seo!
Oró 'Sé Do Bheatha Abhaile



Podchraoltaí: Éist le 'What the Focal' le Ciara Ní É.

Scríbhneoir do dhaoine óga agus file í Áine Ní Ghlinn, agus Laureate na nÓg 2020-2023. Tá 36 leabhar foilsithe aici, idir fhilíocht, dhrámaí, úrscéalta agus scéalta do dhaoine óga.

What the Focal!? - Áine Ní Ghlinn
https://www.listennotes.com/podcasts/what- the-focal/what-the-focal-%C3%A1ine- n%C3%AD-ghlinn-wX_y20hSfst/

Cláir Teilifíse : Ag an Trá (Cúla 4)

Sraith spleodrach do pháistí a thugann ar thuras taitneamhach cois farraige iad. Foghlaimíonn na páistí faoin dúlra, ainmhithe mara, clocha, feamainn agus rudaí eile a fhaightear ar an trá. Spreagtar fiosracht agus grá don nádúr i measc lucht féachana óga.

Féach ar anseo: Ag an Trá



Áiteanna Iontacha Aisteacha

Le Miralda Colombo (An Gúm)

Agus na páistí ag dul ar laethanta saoire an tsamhraidh, is deas an leabhar í seo don am seo den bhliain. Leabhar ildaite í, ina dtugtar cuairt ar na háiteanna is suimiúla ar fud an domhain, le heolas spéisiúil agus íomhánna tarraingteacha a spreagfaidh fiosracht agus samhlaíocht na bpáistí.

Acmhainní breise ar fáil ar shuíomh COGG anseo:
COGG | Sonraí Acmhainní

Acmhainní ar Líne

Bí ag Pramsáil!

(Cúla 4)

Cabhraíonn an sraith seo do dhaoine óga a gcuid Gaeilge a fheabhsú agus foclóir nua a fhoghlaim i mbealach spleodrach!

https://youtube.com/playlist?list=PLbcLsUBW9b3AofdVtcB5cqMb3bY6jPVBu&si=aG Ady4zGGz6UuWUK



Oideas Alasca Bácáilte

Comhábhair

Bun Spúinse:

- 50g Plúr Féin-ardaithe Odlums 50g Siúcra Gránach
- 2 Ubh
- Pionsa Salainn
- Líonadh:
- Bloc 1 lítear d'Uachtar Reoite

Barr Mairinge:

- 2 Bhán Uibhe
- 75g Siúcra Gránach
- 1 taespúnóg Siúcra Gránúil

Modh Ullmhúcháin

1. **Réthéamh an Oigheann:** Téigh an oigheann go 200°C (Gas 6). Gréisigh stán císte 20–23cm.
2. **Bun Spúinse a dhéanamh:** Buail na huibheacha, an siúcra agus an salann le chéile go dtí go mbeidh an meascán tiubh agus uachtarúil. Fill an plúr isteach go réidh. Doirt isteach sa stán ullmhaithe agus bácáil ar feadh thart ar 10 nóiméad go dtí go mbeidh sé órga agus ardaithe. Lig dó fuarú ar raca sreinge.
3. **Mairinge a Ullmhú:** Buail na gealachán uibhe go dtí go mbeidh piocanna bog ann. Cuir an siúcra gránach isteach de réir a chéile agus lean ar aghaidh á bhualadh go dtí go mbeidh an meascán tiubh agus lonrach.
4. **Cur le chéile:** Cuir an spúinse fuaraithe ar mhias atá oiriúnach don oigheann. Cuir an bloc uachtar reoite ar lár an spúinse. Clúdaigh an t-uachtar reoite go hiomlán leis an mairinge, ag cinntiú go bhfuil sé séalaithe go maith. Cuir an siúcra gránúil ar an mairinge.
5. **Bácáil:** Cuir san oigheann te ar feadh thart ar 3 nóiméad nó go dtí go mbeidh an mairinge órga.
6. Ith é láithreach le torthaí úra más mian leat.

Cúrsa Samhradh do Mhúinteoirí Bunscoile T2 2025 - FCÁT

Beidh cúrsa samhradh ar fáil do mhúinteoirí bunscoile atá ag iarraidh eispéiris foghlama na bpáistí i leith na Gaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú tríd an gcur chuige FCÁT.

Cláraigh le d'ionad oideachais áitiúil thíos:

(FCÁT Clár) https://tinyurl.com/fcatclar

(FCÁT BÁC) https://tinyurl.com/FCATBAC



Cruinnithe Tacaíochta ar Líne

Oide

Cruinnithe Tacaíochta ar Líne

Is é aidhm na gcruinnithe tacaíochta ar líne do mhúinteoirí i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus i Scoileanna Gaeltachta, spás solúbtha, inrochtana agus tacúil a chur ar fáil inár féidir le hoideachasóirí treoir ghairmiúil a fháil. I measc na bpríomhchuspóirí tá:

- **Tacaíocht & Treoir Láithreach:** Dírithe ar mhúinteoirí nuacháilithe, ar mhúinteoirí tacaíochta ag aistriú go príomhról sa seomra ranga, agus ar mhúinteoirí ranga atá ag bogadh idir leibhéil éagsúla ranga.
- **Forbairt Ghairmiúil:** Tacaíocht phraiticiúil, lena n-áirítear pleanáil ceachtanna, cur chuige measúnaithe, agus comhtháthú teanga ó bhéal, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta.
- **Straitéisí & Acmhainní:** Sochair bhreise a chuimsíonn deis ceisteanna a chur, acmhainní ábhartha teagaisc a fhiosrú, agus straitéisí éifeachtacha, oiriúnaithe don chomhthéacs, a fhorbairt.

Sonraí Tábhachtacha

Dátaí: 9ú go dtí an 13ú Meitheamh 2025
Am: 15:00 - 17:00
Ar Líne: 15 nóiméad an chruinnithe

Tuilleadh Eolais

Cláraigh anseo: https://oide.ie/ga/muinteoiri/
Déanfar teagmháil leat chun na sonraí a chinntiú.

oide.ie
@OidePrimGaeilge

Cuirfidh Foireann na Bunscoile cruinnithe tacaíochta ar líne ar fáil an tseachtain seo chugainn.

Soláthraíonn na seisiúin phearsanta seo treoir phraiticiúil ar phleanáil, straitéisí measúnachta, agus conas teanga ó bhéal, léitheoireacht, agus scríbhneoireacht a chomhtháthú i dtimpeallachtaí tumtha na Gaeilge.

Tá na cruinnithe seo dírithe ar mhúinteoirí nuacháilithe, múinteoirí atá ag aistriú isteach i seomra ranga príomhshrutha, nó ag bogadh idir leibhéil ranga.

Cláraigí anois: https://oide.ie/ga/muinteoiri/